

Tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite 2023 ar ghníomhaíochtaí Achoimre

Tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite 2023 ar ghníomhaíochtaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

Meitheamh 2024

Achoimre



Tugadh an lámhscríbhinn chun críche i mí an Mheithimh 2024

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

GA PDF ISBN 978-92-9410-253-9 doi: 10.2847/51678 BZ-09-24-325-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2024

Grianghraf clúdaigh/léaráid: 3D modern wave curve abstract presentation background. Luxury paper cut background. Abstract decoration, blue yellow pattern, Vector illustration. High contrast yellow and blue corporate background, Aanand, © Adobe Stock, 2024, <https://stock.adobe.com/images/3d-modern-wave-curve-abstract-presentation-background-luxury-paper-cut-background-abstract-decoration-blue-yellow-pattern-vector-illustration-high-contrast-yellow-and-blue-corporate-background/732697953>.

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.


I. An bhliain go hachomair

In 2023, taisceadh os cionn **1.1 milliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta** i 29 dtír AE+ ⁽¹⁾, arb ionann é agus méadú 18 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus an líon is airde ó 2016 i leith ⁽²⁾.

Thairis sin, d'eisigh tíortha AE+ breis agus 1 mhilliún cinneadh lenar tugadh cosaint shealadach do dhaoine a bhí ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ⁽³⁾.

Sa chomhthéacs sin, chuir EUAA dlús lena **chúnamh oibríochtúil agus teicniúil**, agus a choibhéis le 1 038 nduine ag obair go lánaimseartha i 13 Bhallstát (+19 % i gcomparáid le 2022) imscartha.

Fíor 1. Oibríochtaí EUAA in 2023



Tháinig an méadú ba mhó ar phearsanra san Iodáil agus sa Chipir i ndearbhthearmaí, agus tháinig méadú faoi dhó ar acmhainní sa Spáinn, sa Bheilg agus san Ísiltír.

Is féidir teacht ar nuashonruithe rialta ar oibríochtaí uile EUAA ar [shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta](#).

Bhí an **oiliúint** fós lárnach i dtacaíocht na Gníomhaireachta do thíortha AE+, agus é mar aidhm aici an t-eolas agus na scileanna is gá a fhorbairt agus a chomhdhlúthú chun an comhchóras Eorpach tearmainn a chur chun feidhme, agus cleachtais náisiúnta á bhfeabhsú agus á gcomhchuibhiú ag an am céanna.

⁽¹⁾ AE27 móide an Iorua agus an Eilvéis.


⁽²⁾ [EUAA 2023 latest asylum trends report](#) [Tuarascáil EUAA 2023 ar na treocheaí tearmainn is déanaí].

⁽³⁾ Eurostat "Decisions granting temporary protection by citizenship, age and sex – monthly data" [Cinntí lena mbronntar cosaint shealadach de réir saoránachta, aoise agus gnéis – sonraí míosúla] (15 Márta 2024).



Trí bheagnach 1 000 seisiún, chuir EUAA oiliúint ar ní ba mhó ná 7 500 oifigeach d'údaráis thíortha AE+ in 2023, agus rinne sé pearsanra EUAA agus gníomhaithe sochaí sibhialta a imscaradh.

Fíor 2. Oiliúint EUAA in 2023



I réimse an **eolais ar thearmann**, bhí feidhmiúlachtaí idirghníomhacha nua ina leagan gréasáin i dtuarascáil bhliantúil EUAA maidir le **tearmann**, a foilsíodh i mí Iúil 2023, chun rochtain ar fhaisnéis atá le fáil i mbunachar sonraí náisiúnta d'fhorbairtí tearmainn a éascú.

Neartaíodh an obair ar **fhaisnéis faoin tír thionscnaimh (COI) agus ar fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh (MedCOI)**, agus aird ar leith á tabhairt ar fhaireachán a dhéanamh ar an staid san Afganastáin agus san Úcráin. Bhunaigh EUAA deasc chabhrach COI a thugann tacaíocht dá ghníomhaíochtaí oibríochtúla sna Ballstáit túslíne agus tugadh aghaidh ar bheagnach gach fiosrúchán MedCOI de chuid na mBallstát aonair, in ainneoin méadú 20 % ar an líon díobh, i gcomparáid le 2022.

Thairis sin, in 2023 thug an Ghníomhaireacht, in éineacht le tíortha AE+, na nuashonruithe ar an **treoir do thíortha** maidir leis an Afganastáin, an tSomáil agus an tSiria i gcrích.

D'éirigh le EUAA freastal ar an éileamh méadaithe ar tháirgí **feasachta staide**, na hiarrataí ón mbliain seo caite a phróiseáil faoi dhó agus feabhas a chur ar fhaireachán agus anailís ar shonraí maidir le hacmhainneachtaí glactha agus sreabha imirce.

Cothaíodh **comhar praiticiúil agus malartú dea-chleachtas** i measc na mBallstát trí cheardlanna, cuairteanna staidéir agus cruinnithe teicniúla. Chun éifeacht na malartuithe sin a uasmhéadú, d'fhorbair nó nuashonraigh an Ghníomhaireacht 23 threoir agus uirlis san iomlán chun tacú le cur chun feidhme praiticiúil an chomhchórais Eorpaigh tearmainn.

Cad é an difear idir COI agus treoir do thíortha?

Cé go dtagraíonn COI **d'fhaisnéis** a bhaineann le tír thionscnaimh ar leith, is é is treoir do thíortha inti **measúnú** ar an staid sin, i bhfianaise an dlí idirnáisiúnta agus dhlí an Aontais is infheidhme.

Dá bhrí sin, is é COI an bunús fórasach le haghaidh measúnú i bhfoirm anailís choiteann.






Ina theannta sin, cuireadh uirlisí praiticiúla agus modheolaíocht mholta maidir le soláthar faisnéise i réimse an tearmainn ar fáil do pháirtithe leasmhara tríd an tairseach a seoladh le déanaí darb ainm ‘[Let’s speak asylum](#).’

Athdheimhníodh rannchuidiú na Gníomhaireachta le **gné sheachtrach** CET trí [straitéis nuashonraithe um chomhar seachtrach a ghlacadh i mí an Mhárta](#), bunaithe ar dhá cholún:

1. athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil;
2. tacaíocht do thríú tír.

Fíor 3. Colúin na straitéise um chomhar seachtrach EUAA



Lean an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt d’oibríochtaí **athlonnaithe** thíortha AE+ trína [Saoráid um Thacaíocht Athlonnaithe](#) sa Tuirc. I measc an 1 100 duine a fuair cúnamh, ba iad Siriaigh na daoine ba mhó a ndearnadh ionadaíocht orthu, agus Afganastánaigh agus Iaránaigh ina ndiaidh sin.

I mí Eanáir 2023, ghlac EUAA **cathaoirleacht bhliantúil Líonra na nGníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile**. In éineacht le go leor gníomhaíochtaí eile, a shonraítear i [dtuarascáil chríochnaitheach Uachtaránacht EUAA](#), chuir an Gníomhaireacht an chéad mhalartú foirne riamh laistigh den líonra i gcrích, agus rinneadh 59 mball foirne ó 6 ghníomhaireacht a imscaradh go sealadach chuig gníomhaireacht eile den líonra chun eolas agus saineolas a roinnt.

Rinneadh clár oibre EUAA 2023 a struchtúru thart ar **41 chuspóir bhliantúla**.

**Tábla 1.** Stádas na gcuspóirí bliantúla miondealaithe de réir réimse gníomhaíochta

Réimsí gníomhaíochta	Stádas na gcuspóirí bliantúla					
	Bainte amach ina n-iomláine	Beagnach bainte amach	Bainte amach i bpáirt	Nár baineadh amach	N/B	Iomlán
Cúnamh oibríochtúil agus teicniúil	8	1	0	0	0	9
Tacaíocht oibríochtúil agus uirlisí, clársceidealú, faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí	2	0	1	0	0	3
Oiliúint agus forbairt ghairmiúil	7	0	0	1	0	8
Eolas tearmainn	6	2	2	0	0	10
Ceartha bunúsacha a chosaint	1	0	0	0	0	1
Gníomhaíochtaí cothrománacha	4	1	1	3	1	10
Iomlán	28	4	4	4	1	41





II. Faisnéis bhuiséid agus airgeadais

EUR 180.1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí i mbuiséad EUAA don bhliain 2023, a d'eascair as Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2023-2025 Leasú 1, an 19 Nollaig 2022.

Tar éis an leasaithe ar an mbuiséad a ghlac an Bord Bainistíochta an 25 Meán Fómhair 2023, laghdaíodh buiséad na Gníomhaireachta do 2023 go **EUR 165 135 127** i **leithreasuithe faoi chomhair gealltanais** agus **EUR 170 135 127** i **leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**.

Ní thagraíonn an méid sin ach do chistí a fuarthas ó bhuiséad an Aontais. Ní áirítear leis an t-ioncam breise a eascraíonn as foinsí eile, nach raibh inchainníochtaithe go hiomlán tráth a glacadh an leasú agus, dá bhrí sin, léiríodh é i mbuiséad EUAA mar iontráil mheabhráin (p.m.) ⁽⁴⁾.

Is mar seo a leanas a bhí ioncam na Gníomhaireachta:

- fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais;
- ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen, eadhon an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis, agus a n-ús fabhráithe;
- cistí a deonaíodh faoi dhá chomhaontú ranníocaíochta a síníodh leis an gCoimisiún;
- ioncam úis fabhráithe ó ranníocaíochtaí a sholáthair an tSeicia agus an Danmhairg in 2022.

Tábla 2. Ioncam 2023 in aghaidh na foinse ciste, gan méideanna a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin a áireamh (figiúirí slánaithe go dtí an chéad uimhir iomlán eile).

Teideal buiséid	Foinse maoiniúcháin	Ioncam sa bhuiséad (€)	Ioncam tar éis comharthaí p.m. a shainiú (€)	Ioncam a fuarthas (€)	Iarmhéid fágtha (€)
2	Fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais	170 135 127	170 135 127	170 135 127	0
3	Ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen (lena n-áirítear ús fabhráithe)	p.m.	15 089 751	15 089 751	0
4	Ranníocaíochtaí eile (lena n-áirítear ús fabhráithe)	p.m.	2 071 144	2 071 144	0
5	Ioncam/aisghabháil speansas eile, ioncam úis	p.m.	320 460	291 210	29 250
Ioncam iomlán		170 135 127	187 616 482	187 587 232	29 250

In 2023, chuir an Gníomhaireacht 97 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais chun feidhme agus rinne sí 93 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a thagann ó fhóirdheontas an Aontais a fhorghníomhú.

⁽⁴⁾ Ciallaíonn p.m. *pro memoria* agus léirítear leis go bhféadfar méid a shannadh don bhuiséad, fiú mura bhfuil sé soiléir cén méid a bheadh ann, nó dá mbeadh sé ann ar chor ar bith.



III. Acmhainní daonna, rialú inmheánach agus meastóireachtaí

Acmhainní daonna

In 2023 níor tháinig aon athrú ar an líon **foirne reachtúla** ⁽⁵⁾ a sannadh do EUAA (505), d'ainneoin éilimh mhéadaithe ar thacaíocht oibríochtúil agus ar chúraimí eile. Ar na baill foirne bhreise a leithdháileadh bhí 17 bpost do ghníomhairí ar conradh tionscadalbhunaithe agus 90 post do ghníomhairí gearrthéarmacha oibríochtúla ar conradh, ar bronnadh an Ghníomhaireacht orthu go sealadach agus go sonrach mar fhreagairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

As 612 phost san iomlán sa phlean earcaíochta, líonadh 542 díobh (88.6 %) faoi dheireadh 2023.

I mí na Nollag 2023, ghlac an Ghníomhaireacht a **straitéis acmhainní daonna**, arb é is aidhm di trí phríomhspríoc a bhaint amach:

- an tallann cheart a mhealladh;
- baill foirne a bhainistiú, a fhorbairt agus tacú leo;
- timpeallacht dhearfach oibre agus folláine na foirne a spreagadh.

Cuirfear an straitéis chun feidhme trí phlean gníomhaíochta a fhorbrófar le haghaidh gach ceann de na trí spríoc thuasluaite agus lena gcumhdófar an tréimhse ó 2023 go 2028.

Rialú inmheánach

In 2023, mheas an Ghníomhaireacht go raibh a 17 bprionsabal rialaithe inmheánaigh lánéifeachtach (7) nó éifeachtach (10).

Bunaithe ar an anailís ar thorthaí ar leibhéal phrionsabal an rialaithe inmheánaigh, thángthas ar an gconclúid go bhfuil comhpháirteanna rialaithe inmheánaigh uile EUAA éifeachtach nó go hiomlán éifeachtach. Tá siad ag obair mar a bhí beartaithe, agus feabhsuithe ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh mheasartha nó mhíoneasnaimh.

Tá faisnéis maidir le heasnaimh sa rialú inmheánach agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha comhfhreagracha ar fáil ar [shuíomh gréasáin EUAA](#).

Meastóireachtaí

Déanann an Ghníomhaireacht meastóireachtaí meántéarmacha agus *ex post* inmheánacha nó seachtracha ar chlár agus ar ghníomhaíochtaí lena ngabhann caiteachas suntasach. In 2023, thug EUAA 10 meastóireacht i gcrích. Ag deireadh na bliana, bhí 9 meastóireacht bhreise fós ar siúl.

⁽⁵⁾ Tagraíonn baill foirne reachtúla do bhaill foirne arna bhfostú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais.





Le linn 2023 bhí EUAA i mbun 107 ngníomhaíocht feabhsúcháin a chur chun feidhme a d'eascair as 27 meastóireacht.

Tá tuarascáil mhionsonraithe ar stádas chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí thuasluaite ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta](#).

